# Tangraim (Uimhreacha 0-9)

| | |
|---|---|
| **Gné den Mhata** | Cruth agus Spás - cruthanna déthoiseacha<br>Tomhais - achar agus imlíne<br>*Comhtháthú - Teanga, OSIE, Na hEalaíona* |
| **Scileanna Forbartha** | • Cumarsáid agus cur in iúl - éisteacht le cuntais agus míniúcháin mhatamaiticiúla de chuid páistí eile agus iad a phlé<br>• Cur i bhfeidhm - straitéisí meabhracha agus bealaí oibre a chumadh agus a úsáid chun tascanna matamaiticiúla a chomhall |
| **Teanga agus Téarmaíocht** | triantán, comhchosach, comhshleasach, scailéanach, dronuilleach, cearnóg, dronuilleog, comhthreomharán, rombas, traipéisiam, eitleog, peinteagán, heicseagán, heipteagán, ochtagán, achar, imlíne, teisiliú, meastachán, rothlaigh, suíomh, digit, uimhreacha 0-9 |
| **Áiseanna** | puzail de thangraim, gné thangraim ar Uirlis Sórtála Mol Mata, páipéar cearnógach |

## Cur Síos ar an nGníomhaíocht

### 1 Gníomhaíocht 1
Iarr ar na daltaí a náid a chruthú, na seacht bpíosa tangraim in úsáid acu. Lig dóibh iad seo a roinnt le comhscoláire/leis an rang agus iad a chur i gcomparáid le chéile.

### 2 Gníomhaíocht 2
Fiosraíonn daltaí na digití eile is féidir a dhéanamh, na seacht bpíosa tangraim in úsáid acu.

### 3 Gníomhaíocht 3
I mbeirteanna, cuireann dalta amháin ceann dá chuid digití i bhfolach agus tugann sé treoracha dá chomhscoláire. Tá ar an dalta an digit sin a athchruthú. Ansin, cuireann siad an iarracht i gcomparáid leis an digit í féin. Ansin, malartaíonn siad na róil atá acu, is é an dalta a thug na treoracha ar dtús an dalta atá ag dul iad a fháil anois.

### 4 Gníomhaíocht 4
Measann agus ansin ríomhann daltaí achar/imlíne gach digite ó Ghníomhaíochtaí 1 agus 2.

## Ceisteanna Samplacha

| Ceisteanna Dúnta | Ceisteanna Oscailte |
|---|---|
| • Cad iad na digití is féidir leat a dhéanamh ó na píosaí tangraim a roghnaigh tú?<br>• An féidir leat digit X a dhéanamh?<br>• An bhfuil digití ann nach bhfuil tú ábalta a dhéanamh ag úsáid na bpíosaí tangraim?<br>• Cén digit a bhfuil an t-achar/an imlíne is mó/is lú ag baint léi?<br>• Cad é imlíne/achar do dhigite? | • Conas a bhí a fhios agat go rachadh do phíosaí le chéile chun do dhigit a dhéanamh?<br>• Conas a bhí a fhios agat nach dtiocfadh leat digit X a dhéanamh?<br>• Cad a thugann tú faoi deara faoi do pictiúr?<br>• Cad é an rud is dúshlánaí/is éasca maidir leis an ngníomhaíocht seo? Cén fáth?<br>• Cad a bhí úsáideach agus tú ag iarraidh pictiúr do chomhscoláire a athchruthú?<br>• Cad iad na straitéisí a d'úsáid tú chun cur síos a dhéanamh ar an bpictiúr do do chomhscoláire?<br>• Conas a bhí a fhios agat go raibh do mheastachán réasúnta? |

## Difreáil

Socraigh líon na ndigití de réir thuiscint na ndaltaí. Maidir le daltaí a bhfuil riachtanais fhoghlama bhreise acu, socraigh am (m.sh., ord na sealaíochta) agus rannpháirtíocht de réir mar is cuí.